
An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha

## Ciste Croí Cónaithe (Bailte)

Foirm Iarratais



# Maidir leis an bhfoirm seo

Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha chun réadmhaoin fholamh a athchóiriú.

Tá sé tábhachtach an fhoirm seo a léamh go cúramach **sula** líonann tú isteach í. Cén fáth? **Tá an doiciméad sínithe seo mar chuid den chomhaontú iomlán atá á dhéanamh agat agus tú ag cur isteach ar an deontas.** Cabhróidh sé freisin le d'údarás áitiúil d'iarratas a phróiseáil níos tapúla má chuirtear an fhaisnéis ar fad a iarrtar ar fáil. Ina theannta sin, ní mór duit dearbhú a shíniú (leathanach 14) ag dearbhú go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go hiomlán agat agus go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug tú ar an iarratas seo fíor agus cruinn. Is féidir leat an fhoirm a líonadh leat féin nó cabhair a fháil ó dhuine éigin a bhfuil aithne agat air agus a bhfuil muinín agat astu chun an fhoirm seo a líonadh duit. Ina dhiaidh sin féin, beidh ort síniú agus a dhearbhú go bhfuil gach faisnéis ceart agus fíor ar Leathanach 14.

## a) Cad í an fhoirm seo?

Tá deontas ar fáil d'iarratasóirí incháilithe chun tacú le hathchóiriú ar réadmhaoin fholamh:

1. **Deontas athchóirithe réadmhaoine folmha**

## b) Coinníollacha maidir leis an deontas

Beidh ar an iarratasóir:

- ✓ cónaí sa teach mar a bpríomháit chónaithe phríobháideach nó é a chur ar fáil le ligean ar cíos ar chríochnú oibreacha cáilitheacha ar an réadmhaoin;
- ✓ fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach, le himréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- ✓ a dheimhniú go bhfuil an Cháin Mhaoine Áitiúil in ord nuair is infheidhme;
- ✓ dearbhú a sholáthar go gcuirfear an réadmhaoin athchóirithe ar fáil ar cíos agus tionóntacht atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) ar na hoibreacha cáilitheacha a bheith críochnaithe, i gcás ina bhfuil an réadmhaoin á cur ar fáil ar cíos;
- ✓ aaontú leis na coinníollacha aisghlámtha atá leagtha amach ar Leathanach 9;
- ✓ **an t-iarratas ar dheontas a bheith ceadaithe sula dtosóidh an obair a bhfuil iarratas á dhéanamh ar an deontas ina leith.**

**Tabhair faoi deara nach féidir le hiarratasóirí ach cur isteach ar dhá dheontas ar a mhéad faoin scéim seo** – deontas amháin i gcás go mbeidh an réadmhaoin ina phríomháit chónaithe phríobháideach agus deontas eile maidir le réadmhaoin a chuirtear ar fáil ar chíos faoin scéim seo.

**Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha i leith réadmhaoine ar cíos.**

## c) Seicliosta de dhoiciméid le seoladh leis an bhfoirm seo

Chun é a dhéanamh níos fusa duit na doiciméid go léir a theastaíonn uait a cheangal leis an bhfoirm seo a fheiceáil, tá **seicliosta** ar fáil ar Leathanach 15. Tá sé tábhachtach go léifeá an seicliosta seo sula líonann tú d'fhoirm iarratais – **agus** déan cinnte go seolfaidh tú na doiciméid go léir mar aon le d'fhoirm iarratais chomhlánaithe..

## d) Cá háit le d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh chuig d'údarás áitiúil ag baint úsáide as an bhfoirm seo le haghaidh Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha. Má tá aon cheist agat, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Oifigeach um Thithe Folmha i d'údarás áitiúil agus is féidir leo cabhrú leat. Scan an cód QR seo a leanas le haghaidh liosta de na hOifigigh um Thithe Folmha go léir agus a gcuid sonraí teagmhála.

# Leibhéil an deontais athchóirithe réadmhaoine folmha

Ó 1ú Bealtaine 2023, tá deontas suas le **€50,000**[1] ar a mhéad ar fáil chun réadmhaoin fholmha a athchóiriú le háitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach agus le haghaidh réadmhaoine a chuirfear ar fáil ar chíos agus a chlárófar mar thionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), lena n-áirítear athchóiriú maoine nár úsáideadh mar áit chónaithe roimhe seo, faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm.[2] Tá sé seo faoi réir uasteorainneacha do na cineálachaoibre atá sonraithe thíos ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Tá costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach suas le **€50,000**, tá uasdeontas breisithe suas le **€20,000** ar fáil nuair a dheimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (i.e. contúirteach ó thaobh struchtúir de agus dainséarach) nó má tá an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe de chuid an údaráis áitiúil cheana féin, a chuireann an deontas iomlán ar fáil do réadmhaoin thréigthe suas go huasmhéid de **€70,000**. I gcás deontas breisithe maidir le maoin thréigthe nach bhfuil ar Chlár na Láithreán Tréigthe, ní mór tuarascáil neamhspleách arna ullmhú ag gairmí cáilithe a chur isteach in éineacht leis an iarratas ag dearbhú go bhfuil an réadmhaoin tréigthe.

Ceanglaítear orthu siúd a dhéanann iarratas ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais má tá iarratas á dhéanamh acu maidir le réadmhaoin a bheidh ina phríomháit chónaithe phríobháideach nó ina maoin a chuirfear ar fáil ar cíos. Ní mór é seo a chur in iúl ag an tús mar tá coinníollacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an gcineál iarratais.

Ní mór dóibh siúd a dhéanann iarratas ar an deontas a chur in iúl freisin ar an bhfoirm iarratais má tá iarratas á dhéanamh acu ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha amháin nó ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha lena n-áirítear an Deontas Breisithe Réadmhaoine Tréigthe.

Tá leibhéal an deontais ag brath ar na hoibreacha atá ceadaithe an t-údarás áitiúil agus íoctar é ar chríochnú na n-oibreacha agus bunaithe ar chaiteachas deimhnithe tar éis iniúchadh deiridh ag an údarás áitiúil.

Ón 1 Iúil 2023, tá tacaíocht bhreise ar fáil faoin Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh chun tacú le hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholmha agus thréigthe atá suite ar na hoileáin chun cuidiú leo iad a chur in úsáid arís.

Tá uasráta an Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folmha atá iníoctha suas le 20% níos airde do réadmhaoine fholmha agus thréigthe incháilithe ar oileáin cháilitheacha.

Is féidir teacht ar liosta de na hoileáin cháilitheacha ina bhfuil an cistiú breise seo ar fáil tríd an nasc seo a leanas a úsáid.

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/645a3-oileain-mhara-a-bhfuil-conai-orthu/

Tugann sé seo na huasrátaí deontais d'athchóiriú réadmhaoine ar oileáin suas go dtí €60,000 chun sealúchais fholmha a athchóiriú agus €84,000 nuair a dheimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe. Méadaítear freisin na huasteorainneacha costais do na catagóirí oibreacha aonair faoi 20%.

1. Ó 14ú Iúil 2022 go dtí 30ú Aibreán 2023, bhí deontas suas le €30,000 ar fáil chun réadmhaoin fholamh a athchóiriú agus bhí deontas suas le €50,000 ar fáil chun réadmhaoin thréigthe a athchóiriú.
2. Tá graíonn sé seo d'fhoirgneamh a úsáideadh roimhe seo le haghaidh úsáid tráchtála agus úsáid phoiblí.

D'fhéadfadh go mbeadh Deontas SEAI 'Better Energy Homes'[3] ar fáil in éineacht leis an deontas seo. Mar sin, ní bheidh oibreacha atá clúdaithe ag Scéim 'Better Energy Homes' SEAI clúdaithe faoin Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha. Ní mór don údarás áitiúil a chruthú nach bhfuil éileamh ar oibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear de réir dlí ar gach tiarna talún cloí leis na caighdeáin do thithíocht ar chíos agus a dheimhniú go bhfuil a réadmhaoin ag cloí go hiomlán le sábháilteacht dóiteáin agus rialacháin íoschaighdeáin le haghaidh réadmhaoine ar chíos. Féach ar **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print**. Mar chuid den dearbhú atá le síniú san fhoirm iarratais, ní mór do gach iarratasóir aontú leis na caighdeáin seo a chomhlíonadh agus a ghéilleadh.

Tá an scéim seo ar fáil do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoin ina bpríomháit chónaithe phríobháideach acu nó d'iarratasóirí a chuirfidh an réadmhaoin ar fáil ar cíos ar an margadh príobháideach. Níl sé ar fáil do chuideachtaí cláraithe nó d'fhorbróirí. Ní féidir ach le daoine ainmnithe iarratais a dhéanamh.

3. Áirítear le Deontais an SEAI Insliú Áiléir suas go €1,700, Insliú Balla Cuasach suas go €1,700, Insliú Inmheánach suas go €4,500, Insliú Balla Seachtracha suas go €8,000, Córas Teaschaidéil suas go €6,500, Córas Fótavoltach Gréine suas go €2,400. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an SEAI: www.seai.ie

# Conas a oibríonn an scéim

**Réadmhaoin Incháilithe**

Ní mór réadmhaoin a mheastar a bheith san áireamh a bheith tógtha suas go dtí 2007[4] agus an bhliain sin san áireamh agus tá fianaise de seo ag teastáil chun tacú le hiarratas ar dheontas.

**Cruthúnas ar Fholúntas**

Caithfidh an réadmhaoin a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó tráth an iarratais ar dheontas.Teastaíonn cruthúnas ar fholúntas chun tacú le hiarratais ar dheontais.

Is féidir dearbhú folúntas a bhailíochtú agus a fhíorú trí úsáid a bhaint as, mar shampla, billí fóntais, ar féidir leo cabhrú le tréimhsí folúntais a chinneadh (m.sh. patrún úsáide nó dínascadh) nó cibé cruthúnais eile atá ar fáil, chun sástachta an údaráis áitiúil. **Ní mór don údarás áitiúil dearbhú folúntas a bhailíochtú agus a fhíorú sula gceadaítear an deontas.**

**Tabhair faoi deara nach féidir le hiarratasóir réadmhaoin a fhágáil folamh go míréasúnta agus d'aon ghnó chun críche cáiliú don deontas.**

**Cruthúnas ar thréigthe**

Chun réadmhaoin a mheas mar thréigthe (i.e. contúirteach ó thaobh struchtúir de agus dainséarach), ní mór don iarratasóir é seo a dhearbhú trí thuarascáil neamhspleách arna ullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach mar aon leis an bhfoirm iarratais. Is féidir an réadmhaoin a mheas mar thréigthe freisin má tá sí liostaithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe de chuid an údaráis áitiúil.

**Cruthúnas Úinéireachta**

Teastaíonn cruthúnas úinéireachta chun tacú leis an iarratas ar dheontas.

Is féidir le húdarás áitiúil ceadú i bprionsabal a thabhairt don iarratas ar dheontas nuair atá an t-iarratasóir in ann fianaise a sholáthar ar idirbheartaíochtaí gníomhacha chun maoin a cheannach i.e. dearbhú ar rannpháirtíocht ón ngníomhaire eastáit nó ó úinéir na réadmhaoine agus sa chás go gcuireann an t-úinéir an fhianaise seo ar fáil toisc go bhfuil folúntas ag teastáil faoin scéim thar ceann an iarratasóra.

Ní dheimhneofar ceadú den chineál sin i bprionsabal mar fhormheas iomlán go dtí go mbeidh an úinéireacht aistrithe chuig an iarratasóir. Ní féidir aon tarraingt anuas a dhéanamh go dtí go ndeimhnítear úinéireacht chun sástacht an údaráis áitiúil.

4. Roimh an 1ú Bealtaine 2023, ní raibh ach réadmhaoin a tógadh roimh 1993 incháilithe.

**Tá fianaise úinéireachta ar an íocaíocht deontais, a d'fhéadfadh an t-údarás áitiúil ábhartha a bhreithniú, léirithe sa tábla thíos.**

| Ceanglais úinéireachta le haghaidh íocaíocht an deontais | Samplaí de chruthúnas is féidir a chur isteach |
|---|---|
| Caithfidh an t-úinéir a bheith ina dhuine aonair ar leis nó léi an réadmhaoin (cibé acu i gcomhpháirt nó nach ea) agus ní mór don údarás áitiúil é féin a shásamh maidir leis an úinéireacht sula gceadaítear an deontas. | - Gníomhas teidil[5] nó ionstraim dlí dá samhail lena gcruthaítear úinéireacht na réadmhaoine;<br>- fianaise ar íocaíocht Cáin Mhaoine Áitiúla (LPT);<br>- ráiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12 mhí anuas. |

**Ceanglaítear ar an úinéir ábhartha cónaí sa réadmhaoin mar phríomháit chónaithe phríobháideach nó an réadmhaoin a chur ar fáil ar chíos ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha ar an réadmhaoin.**

**Nuair is cuí, ní mór don iarratasóir fianaise a chur isteach ar chead pleanála don fhorbairt / oibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.**

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an réadmhaoin a úsáid mar phríomháit chónaithe, ní mór an dearbhú (Leathanach 14) go bhfuil sé ar intinn ag an duine aonair cónaí sa réadmhaoin ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha ar an réadmhaoin a sholáthar don údarás áitiúil. Beidh feidhm ag coinníollacha aisghlámtha sa chás go scoirfidh an t-iarratasóir de bheith ina chónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach.

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an áit chónaithe a chur ar fáil ar cíos, ní mór an dearbhú (Leathanach 14) a sholáthar don údarás áitiúil go gcuirfear an mhaoin ar fáil ar cíos agus go gclárófar tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) sula ndéanfar an deontas a tharraingt anuas. Beidh feidhm ag coinníollacha aisghlámtha mura bhfuil an réadmhaoin ar fáil níos mó le ligean ar cíos laistigh de dheich mbliana.

D'fhéadfadh forbairt a bhfuil gá le cead pleanála a bheith i gceist léi le hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh chun áitiú ann. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir faoin scéim fianaise a chur isteach go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear an deontas deiridh. I gcásanna ina n-éiríonn ceist maidir le cibé an dteastaíonn cead pleanála d'fhorbairt bheartaithe nó an bhfuil sí díolmhaithe ó fhorbairt, beidh ar iarratasóir faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. D'fhéadfadh go n-eascródh an cheist seo go háirithe i gcás athrú úsáide, réadmhaoin atá folamh ar feadh tréimhse fada ama, agus réadmhaoin atá in olcas substaintiúil agus/nó a dteastaíonn oibreacha substaintiúla uathu.

Féadfaidh údarás áitiúil ceadú i bprionsabal a thabhairt d'iarratas ar dheontas sa chás go mbíonn ar an iarratasóir ceadú pleanála a fháil don fhorbairt/oibreacha atá i gceist. Sna cásanna seo, cuirfidh an t-iarratasóir sonraí faoina n-iarratas pleanála reatha in éineacht lena iarratas ar dheontas. Ní dheimhneofar aon cheadú deontais i bprionsabal mar cheadú iomlán go dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

5. Is féidir gníomhas teidil a fháil ó Údarás Clárúcháin Réadmhaoine na hÉireann (www.prai.ie).

# Cineálacha oibre clúdaithe

Tá na catagóirí oibreacha seo a leanas i dteideal cúnamh deontais, faoi réir ag measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus ag aon teorainneacha le haghaidh oibreacha sonracha mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ní mór na hoibreacha atá beartaithe a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin i gceist.

**Beidh riachtanais athchóirithe do gach réadmhaoin difriúil ag brath ar chineál / méid / riocht an fhoirgnimh reatha. Tá leibhéil na tairsí costais thíos bunaithe ar ghnáth-theach leathscoite dhá stór, 3 leaba.**[6]

| | Catagóir Oibreacha | Uasteorainn ar eilimintí sonracha (lena n-áirítear CBL) bunaithe ar dhá stór, 3 leaba leathscoite |
|---|---|---|
| 1. | **Scartáil**[7] **/ Bain amach / Imréiteach láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas breise do thréigiú san áireamh |
| 2. | **Oibreacha fo-struchtúr** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí ag ardú; leapacha/leaca; taisdíonadh; fothacaíocht) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin.<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas breise do thréigiú san áireamh |
| 3. | **Oibreacha forstruchtúr** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha/ seachtracha; simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; admhaid struchtúracha eile) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin.<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas breise do thréigiú san áireamh |
| 4. | **Críochnuithe** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse agus fuinneoga seachtracha; doirse inmheánacha agus frámaí gaolmhara, imchásálacha agus earraí iarainn; balastráidí; sciortaí; soilse dín; éadanchlár/tairr; earraí uisce báistí) | |
| 4a | críochnuithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca) | €21,000 |
| 4b | críochnuithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchásálacha, earraí iarainn) | €7,000 |
| 4c | clár sciorta | €3,500 |
| 4d | éadanchlár/tairr; earraí uisce báistí | €4,200 |
| 4e | críochnuithe dín (lena n-áirítear fleascadh, éadanchár, tairr, gáitéir, píopaí síos) | €14,000 |

6. Maidir le hoileáin, méadaítear na huasteorainneacha costais do chatagóirí oibreacha aonair faoi 20%.

7. Cé gur féidir le hoibreacha scartála agus sínte a bheith mar chuid d'iarratas ar Dheontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha, ní mór go mbeadh na hoibreacha seo mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an áit chónaithe atá ann cheana féin le coinneáil de réir chuspóirí na scéime.

| | Catagóir Oibreacha | Uasteorainn ar eilimintí sonracha (lena n-áirítear CBL) bunaithe ar dhá stór, 3 leaba leathscoite |
|---|---|---|
| 5. | **Bailchríoch** (lena n-áirítear bailchríocha ar bhallaí seachtracha/ inmheánacha; bailchríoch síleála; bailchríocha tíle/ uiscedhíonach ar limistéir fhliucha; bailchríoch dín) | |
| 5a | bailchríoch tíleála/uiscedhíonach ar limistéir fhliucha | €2,800 |
| 5b | péinteáil agus maisiú | €10,500 |
| 5c | bailchríoch an dín | €14,000 |
| 6. | **Seribhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; braite deataigh/CO2) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin.<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas breise do thréigiú san áireamh |
| 7. | **Fearais** (lena n-áirítear aonaid cistine; fearais sláintíochta / seomra folctha) | |
| 7a | aonaid cistine | €7,700 |
| 7b | earraí sláintíochta / fearais seomra folctha | €2,800 |
| 8. | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha/suímh riachtanacha déanta laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | €7,000 |
| 9. | **Síneadh laistigh den scóip na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne.** | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin.<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas breise do thréigiú san áireamh |
| 10. | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann leis na hoibreacha** (táillí / suirbhéanna) | 10% + CBL den ghlanchostas tógála nó €14k, cibé acu is lú |

## Coinníollacha an deontais

Faoi réir an méid thuas, beidh feidhm ag na coinníollacha breise seo a leanas::

**Iarratais ar Dheontas chun Príomháit Chónaithe Phríobháideach a athchóiriú**

- ní féidir le hiarratasóirí cur isteach ach ar dhá dheontas ar a mhéad faoin scéim seo – áit a mbeidh réadmhaoin amháin ina bpríomháit chónaithe phríobháideach agus deontas breise amháin de réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos. **Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha i leith réadmhaoine ar chíos;**
- ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach, le himréiteach cánach ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- Cáin Mhaoine Áitiúil le bheith in ord nuair is infheidhme;
- ní mór d'iarratasóirí aontú leis na coinníollacha aisghlámtha atá leagtha amach ar Leathanach 9;
- ní mór d'iarratasóirí caiteachas deimhnithe a sholáthar ar na hoibreacha a dhéantar;
- nuair a fhaigheann iarratas ar dheontas cead, ní mór d'iarratasóirí oibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chur i gcrích laistigh de thréimhse 13 mhí.

**Iarratais ar Dheontas chun réadmhaoin a bheidh ar fáil ar chíos a athchóiriú**

- ní féidir le hiarratasóirí cur isteach ach ar dhá dheontas ar a mhéad faoin scéim seo - i gcás ceann amháin a mbeidh an réadmhaoin ina phríomháit chónaithe phríobháideach acu agus deontas breise de réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos. **Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha i leith réadmhaoine ar chíos;**
- ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach, le himréiteach cánach ón Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- Cáin Mhaoine Áitiúil le bheith in ord nuair is infheidhme;
- ní mór d'iarratasóirí aontú leis na coinníollacha aisghlámtha atá leagtha amach ar Leathanach 9;
- ní mór d'iarratasóirí caiteachas deimhnithe a sholáthar ar na hoibreacha a dhéantar;
- mionnscríbhinn sínithe lena ndeimhnítear nach ndearnadh iarratas chun críocha cíosa roimhe seo ar an Deontas;
- nuair a fhaigheann iarratas ar dheontas cead, ní mór d'iarratasóirí oibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chur i gcrích laistigh de thréimhse 13 mhí.

Ní fhéadfaidh iarratasóirí leas a bhaint as ach dhá dheontas ar a mhéad, uair amháin le haghaidh príomháit chónaithe phríobháideach agus uair amháin chun réadmhaoin a chur ar fáil ar chíos. Áiritheoidh údaráis áitiúla seiceálacha leordhóthanacha ar sheoltaí ina leith seo.

I gcás réadmhaoine ar cíos, cruthúnas ar chlárú na tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Ní mór an (RTB) a sholáthar don údarás áitiúil roimh an deontas a tharraingt anuas. Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an RTB a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil a bhronn an deontas. Déanfaidh údaráis áitiúla seiceálacha chun é seo a dhearbhú.

Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar cíos agus ba cheart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid maoine go hiomlán na rialacháin maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus caighdeáin íosta le haghaidh réadmhaoine cíosa.

Féach ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

Ina theannta sin, d'fhéadfadh ceannaitheoirí a bhaineann leas as an deontas seo a bheith incháilithe d'Iasacht Tí Údaráis Áitiúil (i gcás príomháit chónaithe phríobháideach), nó, deontais iarfheistithe faoin Scéim 'Better Energy Homes'. I gcás deontas iarfheistithe, ní chuirfidh an t-údarás áitiúil an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha ar fáil don obair chéanna.

Cinnteoidh údaráis áitiúla nach bhfuil cúnamh deontais faighte ag na hoibreacha trí scéim ar bith eile agus ceanglaítear ar iarratasóirí aon fhaisnéis a iarrfaidh údarás áitiúil a sholáthar maidir le haon chúnamh deontais eile le haghaidh oibreacha a ndéantar iarratas orthu.

# Aisghlámadh

Ceanglaítear go mbeidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ina gcónaí sa réadmhaoin cháilitheach nó é a bheith ligthe ar chíos ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais. Má roghnaíonn tú ag am ar bith an réadmhaoin a dhíol, nó má scoireann sé de bheith ina phríomháit chónaithe phríobháideach agat, nó mura bhfuil an réadmhaoin ar fáil a thuilleadh le ligean ar chíos laistigh de dheich mbliana, ní mór duit cuid de luach iomlán an deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar seo a leanas:

| Suas le 5 bliana | Níos mó na 5 bliana agus níos lú ná nó cothrom le 10 mbliana | Níos mó ná 10 mbliana |
|---|---|---|
| 100% de mhéid airgeadaíochta an deontais | 75% de mhéid airgeadaíochta an deontais | Gan aon aisghlámadh |

I gcás titim i luach na réadmhaoine, beidh an méid iomlán airgeadaíochta, faoi réir an chéatadáin aisghlámtha thuas, inaisíoctha leis an údarás áitiúil.

Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil gach bliain ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis íocaíocht an deontais (má dhéantar an t-iarratas ar dheontas i leith réadmhaoine ar chíos).

Ní mór comhaontú (ina mbeidh an Fhoirm Iarratais sínithe, an Litir Cheadaithe sínithe agus an Doiciméad Muirir sínithe) a thabhairt i gcrích idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir ar tharraingt anuas.

# Litir cheadaithe / Litir cheadaithe i bprionsabal

Eiseofar litir cheadaithe chuig iarratasóirí a n-éiríonn leo agus áireofar léi méid an deontais cheadaithe. Tugtar ceadú ó dháta eisiúna na litreach agus tá sé bailí ar feadh tréimhse 13 mí. Ní mór d'iarratasóirí an litir a shíniú agus a chur ar ais chuig an údarás áitiúil chun a dheimhniú go dtuigeann siad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an deontas. Tá an litir shínithe seo mar aon leis an bhFoirm Iarratais mar chuid den chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás áitiúil.

Ní mór an doiciméad muirir dá dtagraítear thuas a shíniú agus a chur ar ais chuig an údarás áitiúil, tar éis na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a bheith curtha i gcríoch agus roimh eisiúint na híocaíochta deontais.

Cruthaíonn an Fhoirm Iarratais shínithe, an Litir Cheadaithe sínithe agus an Doiciméad Muirir sínithe, an comhaontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás áitiúil.

# Foirm Iarratais

**Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas ag baint úsáide as BLOCLITREACHA.**
**Mura gcomhlánaítear go hiomlán aon cheann de na rannáin thíos d'fhéadfadh go gcuirfí moill ar d'iarratas.**

## Sonraí faoi cé dó an deontas

Ainm

Seoladh

Éirchód

Dáta breithe

Seoladh ríomhphoist

Uimhir theileafóin teagmhála

Tabhair sonraí breise anseo mar aon le haon doiciméadúchán tacaíochta ábhartha

## Sonraí na réadmhaoine folamh

| | |
|---|---|
| Seoladh don réadmhaoin ina ndéanfar an obairt | |
| Éirchód | |

Cá fhad a bhí an mhaoin folamh (i míonna)?

An mbeidh tú i do chónaí anseo mar do phríomháit chónaithe phríobháideach nuair a bheidh an obair críochnaithe? ○ TÁ ○ NÍL

An gcuirfidh tú an réadmhaoin ar fáil ar chíos nuair a bheidh an obair críochnaithe? ○ TÁ ○ NÍL

An bhfuil fianaise curtha ar fáil agat gur tusa úinéir na réadmhaoine, nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach? ○ TÁ ○ NÍL

Cuir tic sa bhosca a chuireann síos ar an réadmhaoin.
- ○ Scoite
- ○ leathscoite
- ○ Sraithe
- ○ Arasán

An bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar chistiúchán deontais maidir le maoin atá suite ar cheann de na hOileáin cháilitheacha atá liostaithe? ○ TÁ ○ NÍL
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/645a3-oileain-mhara-a-bhfuil-conai-orthu/

Más ea, cén oileán?

An gcomhlíonann an réadmhaoin Cáin Mhaoine Áitiúil?
(le comhlánú más úinéir na réadmhaoine tú) ○ TÁ ○ NÍL

Cén bhliain ar ceannaíodh do réadmhaoin?

Cad é praghas ceannaigh na réadmhaoine? €

Cad é luach measta reatha na réadmhaoine? €

Cuir tic sa bhosca i gceann amháin díobh seo a leanas le léiriú an bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar an deontas le bheith i do Phríomháit Chónaithe Phríobháideach nó má tá iarratas á dhéanamh agat ar Réadmhaoin Cíosa:

1) Príomháit Chónaithe Phríobháideach ○

2) Réadmhaoin ar cíos ○

PCuir tic sa bhosca i gceann de na boscaí seo a leanas chun a léiriú cén deontas a bhfuil iarratas á dhéanamh agat air:

1) Deontas athchóirithe réadmhaoine folmha ○

2) Deontas athchóirithe réadmhaoine folmha lena n-áirítear an deontas breisithe réadmhaoine tréigthe. ○

An raibh tú ceadaithe roimhe seo don Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha? Áirítear leis seo príomh-iarratais ar chónaitheacht phríobháideach agus ar réadmhaoin ar cíos. ○ TÁ ○ NÍL

Má roghnaigh tú tá, tabhair sonraí le do thoil (Eirchód, dáta an iarratais, dáta an cheadaithe, agus an cineál iarratais), lena n-áirítear líon na ndeontas a ceadaíodh duit le haghaidh:

An ndearna tú iarratas ar dheontais bhreise don réadmhaoin seo, i.e. An Deontas SEAI 'Better Energy Homes', an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta? ○ TÁ ○ NÍL

Má roghnaigh tú Tá, tabhair sonraí le do thoil:

Beidh ort cruthúnas a sheoladh chuig d'údarás áitiúil go bhfuil an Cháin Mhaoine Áitiúil suas chun dáta ar an réadmhaoin ina ndéanfar an obair. D'fhéadfadh litir a bheith anseo ó na Coimisinéirí Ioncaim nó mar asphrionta den taifead ar líne, a thaispeánfaidh:

- go n-íoctar an cháin seo; **nó**
- íocaíocht a chur siar (íocfar an Cháin Mhaoine Áitiúil níos déanaí); **nó**
- díolúine ó Cháin Mhaoine Áitiúil.

**B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar chomhairle ghairmiúil a fháil sula gcríochnaíonn tú an chéad chuid eile.**

**PCuir tic sa bhosca thíos le do thoil de na hoibreacha go léir atá beartaithe agat a dhéanamh ar do réadmhaoin agus luaigh costas gach ceann de na hoibreacha atá beartaithe**

| | Catagóir Oibreacha | ✓ | Costas na n-oibreacha beartaithe |
|---|---|---|---|
| 1. | **Scartáil**[8] **/ Bain amach / Imréiteach láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | | € |
| 2. | **Oibreacha fo-struchtúr** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí a ardú; leapacha / leaca; taisdíonadh; fothacaíocht) | | € |
| 3. | **Oibreacha forstruchtúr** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha/ seachtracha; simléir ; urláir uachtaracha; staighre; díon struchtúr; adhmaid struchtúrach eile) | | € |
| 4. | **Críocha** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le fuinneoga agus doirse seachtracha; doirse inmheánacha agus frámaí gaolmhara, imchásálacha agus earraí iarainn; balastráidí; sciortaí; soilse dín; éadanchlár / tairr; earraí uisce báistí) | | € |
| 4a | críocha seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca) | | € |
| 4b | bailchríoch inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchásálacha, earra iarainn) | | € |
| 4c | clár sciorta | | € |
| 4d | éadanchlár, tairr, earraí uisce báistí | | € |
| 4e | críochnuithe dín (lena n-áirítear fleascadh, éadanchár, gáitéir, píopaí síos) (fánphíobhán) | | € |
| 5. | **Bailchríoch** (lena n-áirítear bailchríoch ar bhallaí seachtracha / inmheánacha; bailchríoch síleála; bailchríoch tíleála / uiscedhíonta ar limistéir fhliucha; bailchríoch dín) | | € |
| 5a | bailchríoch tíleála / uiscedhíonta ar limistéir fhliucha | | € |
| 5b | péinteáil agus maisiú | | € |
| 5c | bailchríoch an dín | | € |
| 6. | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; braite deataigh / CO2) | | € |
| 7. | **Fearais** (lena n-áirítear aonaid cistine; fearais sláintíochta / seomra folctha) | | € |
| 7a | earraí sláintíochta / fearais seomra folctha | | € |
| 7b | earraí sláintíochta / fearais seomra folctha | | € |
| 8. | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha/láithreáin riachtanacha déanta laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | | € |
| 9. | **Síneadh** laistigh den scóip na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne. | | € |
| 10. | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí / suirbhéanna) | | € |

Cé mhéad a chosnóidh an obair san iomlán lena n-áirítear CBL, i do thuairim? €

8. Cé gur féidir le hoibreacha scartála agus sínte a bheith mar chuid d'iarratas ar Dheontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha, ní mór na hoibreacha sin a bheith mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an áit chónaithe atá ann faoi láthair ag teacht le cuspóirí na scéime.

**Ba cheart d'iarratasóirí meastachá(i)n a sholáthar maidir leis na hoibreacha atá beartaithe. Ní mór meastacháin maidir leis na costais aonair faoin tábla thuas a sholáthar do gach ceann de na catagóirí oibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu.**

An féidir leat íoc as aon chostas breise **nach bhfuil clúdaithe** ag an deontas? ○ TÁ ○ NÍL

Ba cheart go mbeadh úinéirí tí ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013. Féach ar www.hsa.ie

**Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin do thithíocht ar chíos agus ba cheart dóibh a dheimhniú go bhfuil a réadmhaoin ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus caighdeáin íosta maidir le réadmhaoin ar chíos.**
Féach ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

Má tá tú ceadaithe don deontas seo agus mura bhfuil siad suiteáilte cheana féin, beidh na rudaí seo a leanas uait:

- ar a laghad dhá aláram deataigh / teasa – féinchuimsitheach agus le ceallraí 10 mbliana.
- brathadóir aonocsaíde carbóin má úsáideann tú téamh breosla iontaise, amhail gás nó gual. Ní mór don bhrathadóir aonocsaíde carbóin an caighdeán – EN 50291 (marcáilte ar an mbosca) a chomhlíonadh.

Cuir tic sa bhosca lena dhearbhú gur léigh tú agus gur thuig tú an méid thuas.

Cé mhéad aláram atá suiteáilte cheana féin sa teach ina ndéanfar an obair?

Aláraim deataigh / teasa [ ] Brathadóirí aonocsaíde carbóin [ ]

## Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d'iarratasóirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar san fhoirm seo. Déileálfar le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair faoi deara go bhféadfaidh an t-údarás áitiúil do shonraí pearsanta (faisnéis) a chomhroinnt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis na páirtithe eile atá rannpháirteach i seachadadh an Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folmha.

Is féidir leat sonraí an Pholasaí um Chosaint Sonraí agus na Ráiteas Príobháideachta a léamh ar shuíomh gréasáin d'údarás áitiúil. Míníonn an polasaí conas agus cén fáth a n-úsáidfear sonraí pearsanta agus soláthraíonn sé faisnéis faoi do chearta mar shuibiacht sonraí. Ina theannta sin, tá an polasaí ar fáil i bhformáid pháipéir má iarrann tú é ó d'oifig údaráis áitiúil.

## Dearbhú - Cuir tic sa bhosca de gach ceann is infheidhme.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé ar an iarratas seo fíor agus cruinn.

Dearbhaím go gcuirfidh mé an t-údarás áitiúil ar an eolas má thagann aon athrú ar mo chúinsí maidir leis an réadmhaoin a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi.

Dearbhaím go mbeidh mé i mo chónaí sa réadmhaoin mar mo phríomháit chónaithe phríobháideach.

Dearbhaím go gcuirfidh mé an réadmhaoin ar fáil ar chíos..

Mar chuid den dearbhú seo, aontaím na ceanglais a leagtar amach san fhoirm iarratais seo a chomhlíonadh.

Ainm iomlán an iarratasóra (BLOCLITREACHA: [ ]

Síniú an iarratasóra/na hiarratasóirí: [ ]

Dáta: [ ]

## Seicliosta dá bhfuil le cur san fhoirm seo

Cuirfear moill ar d'iarratas má tá sonraí agus doiciméid in easnamh. Tá dhá sheicliosta ann a chabhróidh leat na doiciméid go léir a theastaíonn chun d'iarratas a phróiseáil a sheoladh isteach. Tá an chéad seicliosta d'iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar dheontas chun réadmhaoin a bheidh mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu a athchóiriú agus tá an dara seicliosta d'iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar dheontas chun réadmhaoin a athchóiriú le cur ar chíos. **Bain úsáid as an seicliosta a bhaineann le d'iarratas amháin.**

**1) Seicliosta don Phríomháit Chónaithe Phríobháideach:**

**Beidh na míreanna seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:**

- [ ] **An fhoirm seo.** Comhlánaithe go hiomlán agus sínithe.
- [ ] **Cruthúnas go raibh an réadmhaoin folamh ar feadh tréimhse 2 bhliain nó níos mó díreach roimh an iarratas seo.**
- [ ] **Cruthúnas gur tógadh an réadmhaoin suas go dtí 2007 agus sin san áireamh.**
- [ ] **Meastachá(i)n maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.**
- [ ] **Cruthúnas úinéireachta nó fianaise ar chaibidlíocht ghníomhach le ceannach an réadmhaoin má lorgaítear ceadú i bprionsabal.**
- [ ] **Fianaise a dheimhníonn nach bhfuil an réadmhaoin slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach, má tá iarratas á dhéanamh ar an deontas breise do réadmhaoine tréigthe.**

**2) Seicliosta don Réadmhaoin ar Chíos:**

**Beidh na míreanna seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:**

- [ ] **An fhoirm seo.** Comhlánaithe go hiomlán agus sínithe.
- [ ] **Cruthúnas go raibh an réadmhaoin folamh ar feadh tréimhse 2 bhliain nó níos mó díreach roimh an iarratas seo.**
- [ ] **Cruthúnas gur tógadh an réadmhaoin suas go dtí 2007 agus sin san áireamh.**
- [ ] **Meastachá(i)n maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.**
- [ ] **Cruthúnas úinéireachta nó fianaise ar chaibidlíocht ghníomhach le ceannach an réadmhaoin má lorgaítear ceadú i bprionsabal.**
- [ ] **Fianaise a dheimhníonn nach bhfuil an réadmhaoin slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach má tá iarratas á dhéanamh ar an deontas breise do réadmhaoine tréigthe.**
- [ ] **Mionnscríbhinn sínithe ag dearbhú nár cuireadh isteach ar an Deontas roimhe sin chun críocha cíosa. (má bhaineann)**
- [ ] **Dearbhú rúin sínithe chun an réadmhaoin a chur ar fáil ar chíos agus go gclárófar tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) roimh an deontas a tharraingt anuas. Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar chíos agus ba cheart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid réadmhaoine go hiomlán na rialacháin maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus caighdeáin íosta le haghaidh réadmhaoine cíosa.** Féach ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

**Aon doiciméadú ábhartha eile chun tacú le d'iarratas (m.sh. fianaise ar chead pleanála nó deimhniú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála).**

**NÓTA TÁBHACHTACH:**
**Sa chás go bhfuil iarrtha ag an údarás áitiúil go gcuirfí doiciméid bhreise isteach chun tacú le d'iarratas, d'fhéadfadh d'iarratas a bheith neamhbhailí mura ndéanann tú amhlaidh. Má tá moill ort, moltar duit dul i dteagmháil leis an Oifigeach um Thithe Folmha i d'údarás áitiúil a luaithe is féidir.**

# Cad é an chéad chéim eile?

## Cad a tharlaíonn nuair a sheolaim m'iarratas isteach?

Déanfaidh d'údarás áitiúil:

1. d'fhoirm iarratais a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sí comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil na doiciméid tacaíochta riachtanacha curtha isteach.
2. socrú go dtabharfaidh foireann theicniúil oiriúnach ó d'údarás áitiúil cuairt ar an réadmhaoin lena chinntiú gur féidir an obair a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar chostais réamh-mheasta na n-oibreacha beartaithe san fhoirm iarratais.
3. scríobh chugat chun a chur in iúl duit ar éirigh le d'iarratas agus chun a insint duit cé mhéid den deontas atá ceadaithe nó go bhfuil faomhadh faighte agat i bprionsabal. **Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil sula n-íocfar deontas.**
4. iarraidh ort faisnéis a chur isteach ón gconraitheoir/na gconraitheoirí atá ag déanamh na hoibre ar nós a n-uimhir thagartha cánach chun a sonraí imréitigh cánach a sheiceáil.
5. iarr sonraí an chuntais bhainc ina n-íocfar an deontas nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe.
6. iarr sonrasc don obair chríochnaithe agus socraigh go dtabharfaidh teicneoir ó d'údarás áitiúil cuairt ar an réadmhaoin agus deimhnigh go bhfuil an obair críochnaithe.
7. i gcásanna inar deonaíodh formheas i bprionsabal, ní mór cruthúnas úinéireachta a sholáthar.
8. soláthróidh an t-údarás áitiúil comhaontú atá le síniú agat ina mbeidh an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin.

I gcás réadmhaoine ar chíos, ní mór cruthúnas ar chlárú na tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) a sholáthar don údarás áitiúil sula dtarraingítear anuas an deontas. Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an RTB a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil a bhronn an deontas, ar bhonn bliantúil.

## Tuilleadh faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó d'údarás áitiúil

B'fhéidir go n-iarrfaidh d'údarás áitiúil ort roinnt doiciméad breise a chur isteach, mar iad seo a leanas:

- fianaise ar chead pleanála nó ar dheimhniú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.

### Cad a tharlaíonn nuair a sheolaim m'iarratas isteach?

Déanfaidh d'údarás áitiúil:

### Le haghaidh deontas níos mó ná €10,000

Má tá an deontas ceadaithe os cionn €10,000, **beidh ort** imréiteach cánach a fháil ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar imréiteach cánach trí úsáid a bhaint as seirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim a www.revenue.ie. Mura bhfuil rochtain agat ar an idirlíon, féadfaidh tú glaoch ar na Coimisinéirí Ioncaim ar 1890 306 706.

### Mura gceadaítear an deontas duit, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh

SUaireanta ní éireoidh le hiarratas chuig d'údarás áitiúil ar dheontas. Mura n-éiríonn le d'iarratas, féadfaidh tú scríobh chuig d'údarás áitiúil chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Ní mór duit scríobh **laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh**, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach údaráis áitiúil nach raibh baint aige leis an mbunmheasúnú an t-achomharc seo ansin agus rachaidh sé i dteagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh go dtógfadh sé seo suas le sé seachtaine.

**Go raibh maith agat as an fhoirm seo a líonadh.**
Má tá aon cheist agat, déan teagmháil leis an Oifigeach um Thithe Folmha i d'údarás áitiúil.